



Ciorclán 0003/2012

Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta de chuid Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais

Buiséad 2012 – Athbhreithniú tríd síos na Seirbhíse Poiblí ar Liúntais agus Íocaíochtaí Préimhe

Réamhrá

1. D'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina aitheasc chuig Dáil Éireann ar na Meastacháin Chaiteachais ar 5 Nollaig na bliana seo caite, go mbeidh ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí laghdú 5% a fháil i gcostas na liúntas agus na n-íocaíochtaí préimhe in 2012.
2. D'fhonn an laghdú 5% éigeantach a éascú in 2012, tá sé riachtanach athbhreithniú a chur i gcrích i ndáil le liúntais agus íocaíochtaí préimhe go luath i mbliana. Chuige seo, tá an Roinn seo ag soláthar an fhaisnéis riachtanach ar liúntais don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tuigtear go bhfuil sé i gceist an t-athbhreithniú a chomhlíonadh faoi dheireadh mhí Feabhra 2012.

Liúntais iníochta le Múinteoirí, Príomhoidí agus Príomhoidí Ionaid

3. Ar feitheamh toradh an athbhreithnithe de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níl liúntais iníochta le tairbhíthe nua; .i. iad siúd a bhíonn incháilithe chun na liúntais úd a fháil ar nó tar éis 1 Feabhra 2012. Ní féidir aon mhéid bhreise anuas ar an scála pá bunúsach coiteann a íoc le tairbhíthe nua. I measc samplaí de mhéideanna breise dá leithéid áirítear aon chineál liúntais cháilíochta nó an íocaíocht mhaoirseachta agus ionadaíochta a íoctar le múinteoirí, agus liúntas rúnaí an Bhoird Bhainistíochta a íoctar le Príomhoidí.

4. Níl eisceachtaí leis an toirmeasc i mír 3 ach amháin liúntais Phríomhoide agus Phríomhoide Ionaid.
5. Gabhann an Ciorclán seo in ionad ciorcláin, fógraí, litreacha, s.rl. níos luaithe ar na hábhair seo, lena n-áirítear an ceann is déanaí eadhon Ciorclán 70/2011 *Íocaíocht na Liúntas Cáilíochta do Mhúinteoirí i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta.*

Liúntais iníoctha le foireann neamh-mhúinteoireachta:

6. Ar feitheamh toradh an athbhreithnithe de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níl liúntais nó íocaíochtaí préimhe iníoctha le tairbhíthe nua; .i. iad siúd a bhíonn incháilithe chun an liúntas úd a fháil ar nó tar éis 1 Feabhra 2012.

Scaipeadh

7. Cinntigh le do thoil go soláthraítear cóipeanna den Chiorclán seo don Bhord Bainistíochta/don Choiste Gairmoideachais agus cinntigh go dtugtar ábhar an chiorcláin chun airde na múinteoirí uile id' fhostaíocht lena n-áirítear iad siúd ar shaoire neamhláithreachta.
8. Féadfar teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi <http://www.education.ie>.

Philip Crosby
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtraigh
31 Eanáir 2012